Ró-iascaireacht

Ceist 1 Beidh tú ag féachaint ar ball ar thuairisc faoi ró-iascaireacht ar chósta thiar na tíre. An féidir leat féin agus an duine in aice leat Gaeilge a chur ar na focail agus na frásaí seo sula bhféachfaidh sibh ar an mír?

producers	_____
exemption	_____
6 nautical miles	_____
within, near	_____
judicial review	_____
sprat	_____
in regard to the ecology	_____
whales	_____
appeal	_____
the sector	_____
recruiting issues	_____

Féach ar an tuairisc le feiceáil an raibh an ceart agaibh.

Ceist 2 Féach ar an tuairisc arís agus freagair na ceisteanna seo:

1. Cén fáth a bhfuil Roinn na Mara ag iarraidh cosc a chur ar thrálaeir áirithe a bheith ag iascaireacht taobh istigh de shé mhuirmhíle ón gcósta?

2. Cén fáth a bhfuil táirgeoirí éisc áirithe i gcoinne an choisc?

3. Ar éirigh le hathbhreithniú breithiúnach na n-iascairí sa bhliain 2018?

4. Cad a bhí le rá ag Kevin Mac Gabhann agus Pádraic de Bhaldraithe faoin scéal?

Ceist 3 Cúrsaí stóir focal

1. Bhí comhchiallaigh na bhfocal agus na bhfrásaí seo le cloisteáil sa mhír. Cad iad?

- ag iascaireacht
- míle farraige
- bia ag na héisc
- saláin

2. Cén Ghaeilge atá ar *sustainable*?

Ceist 4 '…d'fhógair…'

Féach ar an mír arís agus breac síos gach sampla den aimsir chaite a chloiseann tú inti. Bain úsáid as na briathra sin ansin chun ceisteanna a chur ar an duine in aice leat san aimsir chaite. Mar shampla:

Ar fhógair an múinteoir dáta na scrúduithe fós?
Níor fhógair. / D'fhógair.

Ceist 5 '…Ardaíodh…'

Ar ardaíodh costas cupáin caife le bliain anuas?
Ardaíodh. Tá 4 euro ar chupán caife anois.
Níor ardaíodh. Tá an costas céanna ar chupán caife anois agus a bhí an bhliain seo caite.

Cén saorbhriathar atá ag na briathra thíos san aimsir chaite?

Cuir, dún, bris, imir, léigh, deimhnigh agus *bunaigh.*

Bain úsáid as na briathra sin ansin chun ceisteanna a chur ar an duine in aice leat. Féach ar an sampla thuas.

Ceist 6 Pléigh na ceisteanna seo leis an duine in aice leat, nó le do ghrúpa.

1. Ar cheart cead a thabhairt do thrálaeir a bheith ag iascaireacht taobh istigh de shé mhuirmhíle ón gcósta, dar leat? Cén fáth?
2. An itheann tú féin iasc?
3. Cad a cheapann tú faoi fheirmeacha éisc?

Treoracha agus Freagraí
Ceist 1

producers	*táirgeoirí*
exemption	*díolúine*
6 nautical miles	*sé mhuirmhíle*
within, near	*i bhfoisceacht*
judicial review	*athbhreithniú breithiúnach*
sprat	*stuifín(í)*
in regard to the ecology	*ó thaobh na héiceolaíochta de*
whales	*míolta móra*
appeal	*achomharc*
the sector	*an earnáil*
recruiting issues	*cúrsaí earcaithe*

Ceist 2
Féach an script.

Ceist 3
ag iascaireacht – *ag iascach*
míle farraige – *muirmhíle*
bia ag na héisc – *beatha ag na héisc*
saláin – *stuifíní*

sustainable – inbhuanaithe

Ceist 4
Chuir: Ar chuir…? Chuir. Níor chuir.
Lorg: Ar lorg…? Lorg. Níor lorg.
D'éirigh: Ar éirigh…? D'éirigh. Níor éirigh.
Thug: Ar thug…? Thug. Níor thug.

Ceist 5
Cuir: Ar cuireadh…? Cuireadh. Níor cuireadh.
Dún: Ar dúnadh…? Dúnadh. Níor dúnadh.
Bris: Ar briseadh…? Briseadh. Níor briseadh.
Imir: Ar imríodh…? Imríodh. Níor imríodh.
Léigh: Ar léadh…? Léadh. Níor léadh.
Deimhnigh: Ar deimhníodh…? Deimhníodh. Níor deimhníodh.
Bunaigh: Ar bunaíodh…? Bunaíodh. Níor bunaíodh.

Ceist 6
Is féidir gach beirt nó triúr a chur ag déanamh an phlé seo agus ansin cuid de na ceisteanna a phlé leis an rang iomlán.

Eimear Ní Chonaola
Deir táirgeoirí éisc go gcaithfidh Roinn na Mara díolúine a thabhairt do thrálaeirí[1] móra agus cead a thabhairt dóibh leanacht[2] ag iascach gar don chósta. Tá Roinn na Mara ag iarraidh trálaeirí móra a stopadh ag iascach taobh istigh de shé mhuirmhíle ón gcósta. Deir grúpaí mara go bhfuil na trálaeirí céanna ag déanamh slada ar stoc éisc.

Sinéad Ní Neachtain
In 2018, d'fhógair Aire na Mara ag an am go mbeadh cosc ar thrálaeirí móra, os cionn 18 méadar ar a fhad a bheith ag iascach i bhfoisceacht sé mhuirmhíle don chósta. Cinneadh a chuir an-díomá ar iascairí trálaer ag an am agus lorg siad athbhreithniú breithiúnach ar chinneadh an rialtais. D'éirigh leo agus cuireadh treoir na Roinne ar neamhní, rud a thug cead arís do thrálaeirí móra dul ag iascach gar don chósta.

Tá aird tarraingthe ar an gcás arís le roinnt seachtainí anuas mar go raibh trálaeirí ag iascach stuifíní agus bric bheaga i gCuan na Gaillimhe. Ardaíodh sa Seanad é. Cé nach bhfuil an cleachtas in aghaidh an dlí, deir grúpaí mara agus iascairí beaga go bhfuil damáiste á dhéanamh mar go bhfuil stuifíní agus a leithéid riachtanach le go mbeidh beatha ag na héisc.

Kevin Mac Gabhann, Eachtraí Chuan na Gaillimhe Teo
Níl mise in aghaidh stuifíní a thógáil amach ach caithfidh siad é a dhéanamh ar bhealach *sustainable*[3]. Tá daoine ag teacht ag iascaireacht go Cuan na Gaillimhe le blianta, tá siad ann leis na blianta. Agus, tá mise ag iascaireacht anseo le fiche bliain anuas agus gach bliain tá níos lú iasc ann mar gheall ar nach bhfuil an bia ansin i gcomhair na n-iasc.

Pádraic de Bhaldraithe, Grúpa Faire na Míolta Móra agus na nDeilfeanna
Ó thaobh na héiceolaíochta de, ní maith an rud é a bheith ag ídiú íochtar an bhiashlabhra[4] mar sin. Tá go leor, go leor rudaí, seachas an duine agus míolta móra ag brath air chomh maith céanna. Dá gcuirfí deireadh leis na stuifíní agus na saláin trí ró-iascaireacht a dhéanamh orthu bheadh tionchar aige sin ar an mbiachlár atá ag teacht aniar, is é sin: éisc eile, éin, míolta móra, an duine, ó thaobh beatha éisc a bheith acu agus mar sin de.

Sinéad Ní Neachtain
Deir Aire na Mara, Charlie McConalogue, go bhfuil an Roinn le hachomharc a dhéanamh i gcoinne an chinnidh Cúirte, in iarracht cosc a chur ar na trálaeirí arís.

Deir an eagraíocht a dhéanann ionadaíocht ar tháirgeoirí éisc go gcuirfeadh an cosc atá beartaithe, beatha iascairí i mbaol mar go mbeidh orthu dul amach níos faide i bhfarraige. Deir siad freisin go gcaithfidh an Roinn díolúine a chur ar fáil do thrálaeirí áirithe ionas go mbeidh siad in ann dul ag iascach i bhfoisceacht sé mhuirmhíle don chósta. Deir siad go bhfuil an earnáil faoi bhrú mar atá ag cúrsaí earcaithe, ioncaim agus aimsire.

Sinéad Ní Neachtain, Nuacht TG4

[1] *trálaeir* an leagan caighdeánach
[2] *leanúint* an leagan caighdeánach
[3] *inbhuanaithe* an leagan Gaeilge
[4] *an slabhra bia* a dúradh